C/2026/2804

19.5.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/2804)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Brânză frământată de Teaca’

Uimh. AE: PGI-RO-03380 — 18.12.2024

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Brânză frământată de Teaca’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☐ TGFC X

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Rómáin

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ INITE DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH SONRAÍTEAR NÓ NACH nÁIRÍTEAR IN AON ÁIT EILE

0406 – Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is táirge déiríochta é ‘Brânză frământată de Teaca’ a dhéantar as bainne bó amh, i.e. neamhphaistéartha, a ghruthaítear, a choiptear, a aosaítear, a shailleadh agus a fhuintear sa phróiseas táirgthe sonrach chun an cháis sin a dhéanamh.

Ubhchruth neamhrialta nó cruth cruinn atá ar an gcáis sin agus tá meáchan thart ar 0,4-2 kg inti; braitheann cruth agus meáchan gach cáise aonair ar mhéid an lamhnáin muice ina gcuirtear an cháis fuinte.

Díoltar ‘Brânză frământată de Teaca’ i gcásálacha nádúrtha, agus iad gan céir orthu nó faoi chosaint sraithe céarach de ghrád bia a úsáidtear le haghaidh cáise. Is féidir é a dhíol ina shlisní freisin.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tréithe orgánaileipteacha

Seo a leanas an chuma atá ar 'Brânză frământată de Teaca':

— an taobh amuigh: ubhchruth neamhrialta nó cruth cruinn atá ar an gcáis. Tá an dromchla glan, neamhghreamaitheach agus tirim. An bhailchríoch atá uirthi, tá sí idir leathlonrach agus neamhlonrach i gcás táirgí a phacáistítear i gcásálacha gan sraith chéarach orthu, agus bíonn cuma lonrach orthu siúd atá faoi chosaint sraithe céarach de ghrád bia le haghaidh cáise;

— trasghearradh: tá an cháis aonchineálach agus tá gné ghráinneach aici. Tá sí dlúth agus greamaíonn sí den chásáil, agus greamaíonn sí rud beag den scian nuair a ghearrtar í.

Uigeacht - tá sí bog, uachtarúil, mín agus dlúth;

Dath:

— taobh amuigh - idir uachtarúil agus buí órga;

— trasghearradh - aonfhoirmeach, idir dath bán an bhainne agus dath buíbhán;

Blas - blas de bhainne bó den chuid is mó atá uirthi ach é beagán goirt agus milis freisin agus aigéadacht shéimh uirthi;

Boladh - tá dea-bholadh bainne agus ime uirthi, ach é pas beag géar, rud atá tipiciúil i gcás táirgí saillte.

Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha

Cion saille san ábhar tirim	íosmhéid 40 % - uasmhéid 60 %
Cion saille	íosmhéid 22 % - uasmhéid 28 %
Próitéiní	íosmhéid 18 % - uasmhéid 25 %
Cion salainn	uasmhéid 3,5 %

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Na céimeanna uile i bpróiseas táirgthe 'Brânză frământată de Teaca', tarlaíonn siad sa limistéar geografach críochaithe.

Is éard atá sa phróiseas táirgthe na céimeanna seo a leanas: déantar an bainne a scagadh, a ullmhú chun binid a chur isteach, ansin cuirtear binid isteach; déantar na gruthanna a phróiseáil; déantar na gruthanna agus an mheadhg a théamh an dara huair; déantar na gruthanna a mhúnlú agus a ullmhú chun an cháis 'Brânză frământată de Teaca' a tháirgeadh; fuintear an cháis agus úsáidtear í chun na leamháin muice a líonadh, leamháin a fhuaitear ina dhiaidh sin.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Agus an táirge 'Brânză frământată de Teaca' á chur ar an margadh, ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar an lipéadú:

— ainm an táirge; 'Brânză frământată de Teaca', agus na focail 'Indicație Geografică Protejată' (Tásc Geografach faoi Chosaint) nó an giorrúchán 'IGP' (TGFC) sa Rómáinis ina dhiaidh;

— tá an chomhartha TGFC marcáilte ar an bpacáistiú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh;

— ainm an mhonaróra;

— lógó an chomhlachta cigireachta agus deimhniúcháin.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

An limistéar geografach, cuimsíonn sé sráidbhaile Teaca i mbardas Teaca, i gcontae Bistrița-Năsăud, laistigh de na teorainneacha bardasacha agus riaracháin ábhartha.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc idir an táirge agus an limistéar geografach bunaithe ar an gclú agus ar an saineolas a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin in Teaca. Leis an saineolas sin, sainítear saintréithe orgánaileipteacha sonracha an táirge.

Baineann gach céim den táirgeadh le hidirghabháil dhíreach ón duine, idirghabháil atá uathúil don limistéar geografach. Ní féidir saintréithe an táirge a mhacasamhlú go cruinn lasmuigh den chomhthéacs cultúrtha agus geografach sin, toisc go mbraitheann siad ar chumas na dtáirgeoirí áitiúla gach céim den phróiseas a thuiscint i gceart agus a rialú trí mhodhanna céadfacha. An saineolas sin, a fuarthas le hoidhreacht ó ghlúin go glúin, tá sé anois ina chuid lárnach d'fhéiniúlacht an phobail, rud a nascann ainm an táirge leis an mblas, leis an uigeacht agus leis an gcáilíocht a mbíonn coinne ag na tomhaltóirí leo. An nasc sin idir 'Brânză frământată de Teaca' agus an limistéar geografach, luadh é sa mhonagraf Gearmánach a scríobh Ilse Schliesleder-Fronius, ina léitear: '[...] le haghaidh na Cásca, rinneadh dhá uan, dhá liamhás agus dhá cháis a leithdháileadh go hoifigiúil ar gach teaghlach [...].'

Tá cur amach ar 'Brânză frământată de Teaca' leis na céadta bliain, mar is léir óna láithreacht ag an aonach cáiliúil in Teaca. Déantar an t-údarú le haghaidh mhargadh Teaca a dhoiciméadú freisin sa mhonagraf Gearmánach céanna: 'In 1734, tugadh cead do shráidbhaile Teaca margadh seachtainiúil a reáchtáil, margadh a bhí ann Dé Luain.'

'[...] Gach bliain, an 5 Samhain, théinn síos go dtí an sráidbhaile ar lá an mhargaidh agus dhíolfainn mo chuid cáise. [...] In Teaca, is é bainne bó a d'úsáideamar chun cáis fuinte a dhéanamh. An cháis fuinte a dhéantar as bainne bó, níl sí chomh géar leis an gcáis a dhéantar as bainne caorach. Ba ghnách liom dul chuig margadh an Luain freisin le mo chuid málaí cáise mar go gceannaíodh gach duine uaim.' Traidisiún seanbhunaithe is ea cáis fuinte a dhíol ar na margaí, agus is amhlaidh atá i gcónaí. Eiseamláir an mhéid sin is ea cuntas lámhscríofa mná áitiúla a mbíodh a seanmháthair ag déanamh agus ag díol cáise fuinte, cleachtas a leanann a máthair féin i gcónaí go dtí an lá atá inniu ann. Seo mar a labhair sí: 'rinneamar gruthanna den bhainne ar fad agus rinneamar cáis fuinte as, cáis a dhíolamar le haon duine a bhí ag iarraidh í a cheannach.'

Deimhnítear leis an stair ó bhéal gurbh ann don cháis fuinte sin trí ráitis a rinne seanóirí an tsráidbhaile agus na sráidbhailte comharsanachta. Mar shampla, seo mar a labhair fear áitiúil 82 bhliain d'aois ó Teaca i gcuntas uaidh: '[...] D'inis mo mháthair dom an chaoi leis an ngruth a dhéanamh, an chaoi a bhfágfadh sí é chun é a scinceáil, a choipeadh, agus an chaoi a miníodh sí é le miontóir agus ansin é a fhuineadh le salann. [...] Thógadh mo mháthair cáis agus uachtar géar freisin lena ndíol ar an margadh.'

Leis an traidisiún seanbhunaithe a bhaineann le 'Brânză frământată de Teaca' a tháirgeadh, agus cleachtais á gcur ar aghaidh gan athrú ó ghlúin go glúin, cothaíodh nasc láidir idir an táirge, a ainm, agus an limistéar geografach críochaithe. I dtuairim an tomhaltóra, neartaíonn an nasc sin an bhaint idir an t-ainm, ar thaobh amháin, an blas agus an uachtarúlacht, ar an taobh eile. San alt 'Brânza frământată de Teaca, ar tí a dheimhnithe', a foilsíodh in *Revista Fermierului* (Irisleabhar an Fheirmeora), Uimh. 15, an 1-14 Meán Fómhair 2024, luaitear an méid seo a leanas: 'Tá nasc idir an traidisiún a bhaineann leis an gcáis fhuinte a dhéanamh agus clú a bheith ar limistéar Teaca as eallaigh a thógáil, mar is dlúthchuid de shaol an tsráidbhaile an bhuachailleacht.' (https://www.revistafermierului.ro/din-revista/satul-romanesc/item/6581-branza-framantata-de-teaca-cauta-recunoasterea-europeana.html).

San irisleabhar *Ferma* ('An Fheirm'), tá scéal an táirge 'Brânza frământată de Teaca' le feiceáil san alt 'Ana lu' Pilu [Ana Pilu Uasal] ag déanamh cáise le hoideas traidisiúnta!'. An t-oideas, a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin, cuirtear i láthair é mar a leanas: 'Nuair a dhéanaimid an bainne a ghruthú, ní mór é a bheith beagán te. Sa samhradh, níl le déanamh againn ach é a scinceáil agus ligean dó gruthú as féin. Sa gheimhreadh, ní mór dúinn é a théamh beagán. Aithním an teocht cheart ar eolas agam ó thadhall láimhe: ní mór teas bog a bheith ar an mbainne. Nuair atá an bainne réidh, cuirimid i ndabhcha é agus fágfaimid an bhinid ann ar feadh 40 nóiméad. Brisimid aníos de láimh é tar éis é a ghruthú, ansin ligimis don ghruth suí ar feadh 10-15 nóiméad. Brúimid ar ais le chéile go deas réidh é de láimh agus cuirimid i mbuicéad é, áit a mbrisimid aníos arís é ionas gur féidir le tuilleadh meidhg scinceáil amach.'

Baineann uathúlacht an táirge le ceardaíocht agus scil na gcáiseoirí, a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Déantar doiciméadú san alt a luaitear thuas ar an bpróiseas a bhaineann leis an ngruth a dhéanamh, a choipeadh, a mhionú agus a shrathú, agus ar an mbealach sonrach a líontar na lamhnáin: 'I ndiaidh dúinn an gruth coipthe a mhionú,

déantar sraitheanna de, is é sin sraitheanna cáise, agus iad ar leithéad bhos do láimhe, agus sraitheanna de lán doirn de shalann a chur isteach ina dhiaidh sin' (https://revista-ferma.ro/branza-framantata-de-teaca-ana-lu-pilu-face-branza-dupa-o-reteta-straveche/). Tá dlúthbhaint ag táirgeadh 'Brânză frământată de Teaca' leis an toisc dhaonna sin, mar go mbraitheann na modhanna táirgthe ar eolas dúchasach a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin trí chleachtas díreach agus trí bhreathnóireacht dhíreach.

Luaitear scil na gcáiseoirí, a gcumas a gcéadfaí a úsáid chun gach céim den táirgeadh a thomhas i gceart agus na coigeartuithe iomasacha a dhéanann siad le linn an phróisis táirgthe in *Industria Cărnii* (an Tionscal Feola) ó Iúil-Lúnasa 2024, áit a ndéanann na daoine áitiúla cur síos ar an méid seo a leanas: '[...] Ba mhaith liom scéal "Brânză frământată de Teaca" a insint duit, faoi oideas traidisiúnta a tháinig anuas ónár sinsir dom, oideas a d'fhoghlaim mé ó m'athair agus a d'fhoghlaim m'athair ó mo sheanmhuintir [...]. Dhéantaí an cháis as bainne bó [...], agus é gruthaithe le binid uain nó le binid lao a bheathaítear ar bhainne. [...] D'fhágtaí le gruthú é [...], ansin dhéantaí an mheadhg a scinceáil [...]; tar éis lá amháin, chuirtí ar sheilf é áit a bhfágtaí é le coipeadh agus le triomú. Nuair a bhíodh an coipeadh tugtha i gcrích, thagadh dath buí ar an ngruth. Dhéantaí an gruth a mheilt ansin, chuirtí salann leis chun blas a chur air, agus dhéantaí an gruth meilte a fhuineadh ina thaos mín. Tar éis é a fhuineadh, chuirtí i gcoimeádáin chumhdaithe é; san am a chuaigh thart, chuirtí na coimeádáin sin sa talamh nó choinnítí i dtobar iad ar feadh roinnt míonna, go dtí go n-íosfaí an cháis. Thugtaí an cháis fuinte nár stóráladh chuig an margadh in Teaca agus dhíoltaí de réir an chileagraim í'.

An fios gnó agus saineolas na gcáiseoirí a ullmhaíonn an táirge sin, tá ról tábhachtach acu maidir lena thraidisiúin táirgthe uathúla a chaomhnú. Is mar sin atá ar an ábhar go n-aithnítear agus go ndíoltar 'Brânză frământată de Teaca' sa limistéar táirgeachta agus ar fud na Rómáine araon.

Cuireadh an traidisiún maidir le 'Brânză frământată de Teaca' a dhéanamh ar aghaidh ó ghlúin go glúin, rud a dhéanann deimhin de gur féidir an táirge sin a fháil go fóill ar tháblaí tomhaltóirí go dtí an lá atá inniu ann.'

Dá bhrí sin, tá tacar ilghnéitheach scileanna ar fáil do na cáiseoirí áitiúla faoi láthair nach féidir a chaighdeánú. Déantar gruthú an bhainne ar bhonn na raimhre a bhreathnaítear trí thadhall láimhe agus trí amharc ('an tástáil liathróide'), seachas trí amanna nó teochtaí seasta a úsáid.

Is trína bheith ag amharc agus trí thadhall láimhe a aithnítear méid optamúil an ghrutha. Tá aibiú an ghrutha oiriúnaithe go sonrach don limistéar geografach sainithe. Fágtar an gruth le coipeadh i dtimpeallacht a rialaítear le céadfaí na gcáiseoirí: dath, raimhre, boladh agus blas. Is é an chéim sin den táirgeadh a thugann a dhath scothbhuí don táirge agus blas coipthe fíneálta saintréitheach 'Brânză frământată de Teaca'.

Is éard a dhéantar sa phróiseas fuinte na comhábhair a mhionú. Tá a tuiscint iomasach ag na cáiseoirí ar chion na sraitheanna, agus dáileann siad an grutha, an salann, agus an grutha aibithe chun an uigeacht shonrach a aithnítear leis an 'snáithe neamh-idirbhriste' [uigeacht leaisteach] a bhaint amach. Chun fuineadh a dhéanamh agus na lamhnáin mhuiceola á líonadh, tá scil ag teastáil chun an t-aer a bhaint amach agus fuáil theann a áirithiú. Cuidíonn sé sin le blas an uachtair atá ar an gcáis a chaomhnú agus tacaíonn sé lena haibiú i dtimpeallacht nádúrtha, rud a choisceann an cháis ar thriomú amach. Leis na nósanna imeachta sin, a cuireadh ar aghaidh go neamhfhoirmiúil agus trí chleachtadh dúchasach, déantar fios gnó áitiúil ilghnéitheach a foghlaimíodh trí chleachtas, breathnóireacht agus an traidisiún ó bhéal a chur in iúl.

Shroich 'Brânză frământată de Teaca' Beirlín, mar a luadh i *Răsunet* (An Gleo) dar dáta an 30 Eanáir 2024, áit a bpléann duine de na táirgeoirí an 'táirge barántúil seo, ar a bhfuil blas ónár n-óige, agus cuimhní cinn na n-laethanta sona a caitheadh lenár lucht gaoil agus páirte [...]'. Is as cruthúnas stairiúil ar an traidisiún seanbhunaithe a bhaineann leis an gcáis sin a tháirgeadh a eascraíonn clú an táirge, le tacaíocht ó thraidisiúin ó bhéal atá doiciméadaithe in irisí agus i leabhair atá le cur ar aghaidh chuig na glúine atá le teacht, ós rud é gur lárionad mór é bardas Teaca chun táirgí déiríochta a tháirgeadh agus a dháileadh. An t-irisleabhar *Ferma* (An Fheirm), thug sé dá aire 'go n-aithníonn tomhaltóirí an cháis fuinte [...] a tháirgtear anseo as a blas barántúil.

Sainiúlacht an táirge

Baineann sainiúlacht 'Brânză frământată de Teaca' le ceardaíocht agus scil na dtáirgeoirí áitiúla.

Murab ionann agus táirgí comhchosúla eile, tá na saintréithe sainiúla seo a leanas ag 'Brânză frământată de Teaca':

— déantar í as meascán de ghruth aibithe saillte agus neamhshaillte. Tá an cháis aonchineálach tá gné ghráinneach aici, agus greamaíonn sí beagán den scian nuair a ghearrtar í.

— téann sí faoi phróiseas coipthe agus fuinte, agus déantar idirdhealú idir í agus cáis tí. Tá an uigeacht bog, uachtarúil, mín agus dlúth, agus tá blas uirthi a chuireann bainne bó i gcuimhne atá pas beag goirt, milis agus beagán aigéadach.

— ó thaobh cuma de, ní dlúthbhloc é, ach mais ghráinneach atá measctha le salann - toradh den phróiseas táirgthe - atá dlúth agus a ghreamaíonn den chásáil, agus é ar fad i lamhnán muice.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://madr.ro/docs/ind-alimentara/2026/caiete-de-sarcini-2024/Caiet--de--sarcini--Branza--Framantata--de--Teaca--editia-1---versiunea-0---19.01.2026.pdf